# Páirceanna go Cuaillí

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás – cruthanna 2T<br>Tomhais – fad, imlíne, achar, meastachán<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn, Corpoideachas, Na hEalaíona* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• eolas atá de dhíth le haghaidh taisc a shainaithint agus a aimsiú, ag moladh foinsí cuí le teacht ar an eolas<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid lena gcuid oibre a phlé agus a smaointeoireacht a mhíniú<br>• smaointe agus modhanna oibre s'acu a chur i gcomparáid le daoine eile |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | teanga na líne, m.sh., ceartingearach, cothrománach, comhthreomhar, ingearach, dronuillinn, siméadracht, ainmneacha na n-uillinneacha, dronuillinn, géaruillinn, maoluillinn, uillinn athfhillteach, teanga an chrutha 2T |
| **Áiseanna** | bileog acmhainne an dalta, pictiúir de pháirceanna éagsúla spóirt |

## Cur síos ar an Ghníomhaíocht

Sa ghníomhaíocht seo, téann daltaí i dtaithí ar chiall, cuspóir, agus toisí na gcodanna éagsúla de pháirceanna spóirt. Fiosraíonn siad na cruthanna difriúla agus línte agus úsáideann siad a gcuid eolais ar chruthanna le cur síos a dhéanamh orthu.

### 1 Gníomhaíocht 1

Tabhair amach an bhileog acmhainne a thaispeánann íomhánna de pháirceanna sacair, CLG agus rugbaí. Iarr ar dhaltaí 'súile matamaitice' a úsáid le cur síos a dhéanamh ar an rud a fheiceann siad. Roinn an rang ina thrí ghrúpa. Iarr ar gach grúpa taighde a dhéanamh ar chuspóir na línte difriúla agus na gcruthanna ar pháirc sacair, rugbaí, nó CLG. Thig le daltaí páirceanna spóirt eile cosúil le rugbaí sraithe nó peil Mheiriceánach ina bhfuil marcanna faid léirithe a fhiosrú. Is féidir spóirt eile cosúil le leadóg agus cispheil a úsáid don imscrúdú seo fosta.

### 2 Gníomhaíocht 2

Iarr ar do dhaltaí toisí cineálacha difriúla páirceanna a fhiosrú.

- Cad iad na cineálacha línte atá le feiceáil ar na páirceanna uilig?
- Cad iad na codanna den pháirc a bhfuil línte siméadrachta acu?
- Cad iad na difríochtaí maidir le méid na bpáirceanna i spóirt éagsúla? Mar shampla, an bhfuil páirceanna CLG uilig ar cóimhéid?
- Cad é mar atá méideanna páirceanna difriúil thar spóirt? Mar shampla, cuir na páirceanna i sacar i gcomparáid leo siúd atá i rugbaí.
- Cén airde atá sna cuaillí ar na páirceanna seo uilig? Cá fhad an spás idir na cuaillí?
- Ríomh imlíne, achar na gcodanna difriúla de pháirc. Mar shampla, achar an chúil.

### 3 Gníomhaíocht 3

Iarr ar dhaltaí a gcuid páirceanna spóirt féin do spóirt reatha, nó do chluiche a chum siad iad féin a dhearadh. Spreag iad le smaoineamh ar éifeacht na ngnéithe seo a leanas ar an chluiche:

- leithead nó airde na gcuaillí
- na cineálacha difriúla línte agus uillinneacha ar an pháirc
- fad agus leithead na páirce
- cruth na páirce
- gnéithe ábhartha eile

## Ceisteanna Samplacha


| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cén cruth atá ar pháirc CLG/shacair/ rugbaí?<br>• Cad iad na cineálacha línte/cruthanna/ uillinneacha is féidir leat a fheiceáil ar an pháirc?<br>• Cad é imlíne / achar na páirce? | • Cad chuige a smaoiníonn tú go bhfuil an pháirc múnlaithe ar an dóigh seo?<br>• Cad é mar atá sé difriúil le páirceanna spóirt eile?<br>• Cén difear a dhéanfadh sé dá mbeadh cruth cearnóige/ciorcail air? |

## Difreáil


Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Socraigh cineálacha páirce, cruthanna, línte agus uillinneacha de réir thuiscint na ndaltaí.

Seo thíos roinnt pictiúr de pháirceanna spóirt:
Cuir síos orthu seo. Smaoinigh ar na línte agus ar na cruthanna atá le feiceáil.
Cad é an fheidhm atá leis na línte, cruthanna agus codanna éagsúla ar na páirceanna seo?
An gcaithfidh méid nó achar ar leith bheith sna páirceanna seo? Cad chuige?

**Páirc Shacair**



## Páirc Chluichí Gaelacha



## Páirc Rugbaí

